Bhuaigh Louise Bagnall BEal. (Onóracha) i mBeochan 2007] an Dámhachtain um Ghearrscannán Beochana do 'Late Afternoon'.

Bhuaigh Consolata Boyle [Comhalta Óinigh 2017] an Dámhachtain um Dhearadh Feistisd do 'Victoria and Abdul'.

Bhuaigh Julianne Forde agus Ruth Treacy óf Tailored Films agus Aoife Noonan agus Ben O'Connor Dioplóma Náisiúnta i nDearadh i gCumarsáid - Scannán agus Físeán 2007] ó Bowsie Workshop Dámhachtain VFX Award as ucht a gcomhoibre ar 'The Lodgers'.

### 4.6.2 Dámhachtainí Seachtracha Mic Léinn/ Céimithe (ar Lean)

**Dámhachtainí na Stiúrthóirí Óga (Feabhra 2018)**

Fuair na mic léinn agus na ag céimithe seo a leanas Dámhachtainí ag Searmanas Dhámhachtainí na Stiúrthóirí Óga an 22 Feabhra 2018:

Bhuaigh Carol Freeman [BEal. (Onóracha) sa Bheochan 2007] Dámhachtain Beochana do 'The Bird & The Whale'.

Bhuaigh Andreas Birkenheer [BEal. (Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse 2016] Dámhachtain um Scannán Carthanachta do 'Irish Street League.

Bhuaigh Bob Gallagher [BEal. (Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse 2011] won Dámhachtain na bhFógraí do 'Iarnód Éireann 'Dream Trips'.

Bhuaigh Fergal Costello [BEal. (Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse 2014] won Dámhachtain un Fhíseán Ceoil do 'Brave Giant —Way to Love'.

Bhuaigh Kate Dolan [BEal. (Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse 2012] Dámhachtain um Ghearrscannán do 'Catcalls'.

Bhuaigh James Fitzgerald [BEal. (Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse 2014] Dámhnachtain Speisialta um Fhógra do 'Bond of Enemies'.

Bhuaigh Laura Gaynor [BEal. (Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse 2017] Dámhachtain Léiritheoirí YDA do 'Pernicio'.

**Dámhachtainí an Royal Television Society (Márta 2018)**

Fuair na mic léinn agus na ag céimithe IADT seo a leanas Dámhachtainí ag Searmanas an Chumainn Ríoga Teilifíse an 20 Márta 2018:

Bhuaigh Aoife Moiselle and Tara Woods [BEal. (Onóracha) sa Bheochan 2017] Dámhachtain Beochana do Mhac Léinn do 'Consent'

Bhuaigh Michael Flanagan [BEal. (Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse 2017], Frank O'Malley [4ú bliain BEal. (Onóracha) in Léiriúchán Scannán & Teilifíse], Laurent Murray [BEal. (Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse 2017] agus Eimear Noctor [BEal. (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin - Dearadh Táirgthe 2017] Dámhachtain Drámaíochta na Mac Léinn do 'Decades'.

Bhuaigh Dave Fox, Alfie Hollingsworth, Laura Gaynor and Conor Donoghue [BEal. (Onórarach) in Léiriúchán Scannán & Teilifíse 2017] Dámhachtain Drámaíochta na Mac Léinn do 'Pernicio'.

Bhuaigh Danilo Zambrano and Gabriela Chroback [BEal. (Onóracha) in Léiriúchán Scannán & Teilifíse 2017], Alisa Barrie [3ú bliain BEal. (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin - Dearadh Táirgthe] and Briana Cullen [1ú bliain BEal. (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin - Dearadh Táirgthe] Dámhachtain Ghearr-Ghnéscannán na Mac Léinn do 'Growing Alice'.

**Dámhachtainí Beochana Fhéile Daingean Uí Chúis (Márta 2018)**

Fuair na ag céimithe IADT seo a leanas Dámhachtainí Beochana na Mac Léinn ag Searmanas Beochana Fhéile Daingean Uí Chúis ó 23 - 25 Márta 2018:

Bhuaigh Grace Ryan and Claire McLoughlin [BEal. (Onóracha) sa Bheochan 2017] Dámhachtainí don Bheochan 2T is fearr agus don Stiúradh Ealaín is fearr do 'Astrocatastrophe'.

Bhuaigh Dillon Theodor and Rob Smith [BEal. (Onóracha) sa Bheochan 2017] Dámhachtainí don Scríbhneora is fear do 'Mad Dog'.



### 4.6.2 Dámhachtainí Seachtracha Mic Léinn/ Céimithe (ar Lean)

Bhuaigh Aoife Moiselle agus Tara Woods [BEal. (Onóracha) sa Bheochan 2017] an Dámhachtain don Dearadh Ceoil agus Fuaime is fearr do 'Consent'.

Bhuaigh Dillon Brannick [BEal. (Onóracha) sa Bheochan 2017] Dámhachtain an Stiúrthóra is fearr do 'The Line'.

Bhuaigh Dara Griffin and Sarah Peters [BEal. (Onóracha) sa Bheochan 2017] Dámachtain Beochana Mac Léinn is fearr do 'Father'.

**Dámhachtainí Fhéile Scannánaíochta TriBeca (Aibreán 2018)**

Bhuaigh Louise Bagnall [BEal (Onóracha) i mBeochan 20] an Gearrbheochan is fearr do 'Late Afternoon' ag Féile Scannánaíochta TriBeca i Nua Eabhrac. Mar chuid den dámhachtain, fuair Laura scolaireacht $5,000 urraithe ag Nutella.

**BAFTA Television Craft Award (Meith. 2018)**

Bhuaigh Audrey Doyle [Dioplóma Naisiúnta i Smideadh do scannáin, don Teilifís agus don Amharclann 1997] Dámhachtain BAFTA um Cheird Teilifíse i Londain as ucht a cuid oibre mar smideoir ar a tsraith teilifíse @TabooFX.

**Dámhachtainí Fhleadh Scannánaíochta na Gaillimhe (Iúil 2018)**

Bhuaigh Eabha Bortolozzo agus Jack Kirwan [beirt chéimithe Beal. (Onór) i mBeochan 2018] Dámhachtain an Bheochana is fearr do 'The Usual'.

### 4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe

**Sea Change, IADT 21 years (Meán Fómhair 2017)**

Reáchtáladh taispeántas dar teideal 'Sea Change, IADT 21 Years' i nGailearaí Bardasach DLR Lexicon ón 14 Meán Fómhair go dtí an 4 Samhain 2017 agus bhí saothair ann ó chéimithe IADT i sainréimsí na healaíne, na scannánaíochta agus na beochana. Chuimsigh an taispeántas saothair ealaíne, scannáin agus leabhair ó na céimithe seo a leanas: David Beattie [MEal. i gCleachtas Amharc-Ealaíon 2007]; Jenny Brady [MEal. i gCleachtas Amharc-Ealaíon 2011], Alan-James Burns [MEal. i gCleachtas Amharc-Ealaíon 2014], Nina Canell [BEal. (Onóracha) i Mínealaíon 2005], Mark Garry [BDear. i Meáin Idirghníomhacha 1997], Sarah Baume [BEal. (Onóracha) i Mínealaíon 2007] and Sue Rainsford [MEal. i gCleachtas Amharc-Ealaíon 2014].

**Taispeántas RE:VIEW (Deireadh Fómhair 2017)**

Chuir céimithe BEal (Onór) i nGrianghrafadóireacht a gcuid oibre i láthair ag an Taispeántas RE:VIEW sa Colex, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath 1 a bhí ar siúl ón 25 go dtí an30 Deireadh Fómhair 2017. Ba í Vera Ryklova [BA (Onór) i nGrianghrafadóireacht 2015] coimeádaí an taispeántas.

**Taispeántais IN THE MAKING (Samhain 2017)**

D'óstáil Pallas Projects/Studios, 115-117 The Coombe, Baile Átha Cliath 8 trí thaispeántas as a chéile de shaothar nua ó mhic léinn na bliana céime ó BEal (Onór) in Ealaín de chuid IADT. Bhí saothair ó Nancy Behan, Ellen O'Connor, Carly Colton Perry, Conor Daly, Natasha Farrell, Oisín Farrell, Emma Hopkins, Diarmuid Kavanagh, Grace Latham, Philip Murray, Samir Said Chun Zhu Wang ar chuid den chéad taispeántas - IN THE MAKING 1: LOGOS. Reáchtáladh an taispeántas ón 2 go dtí an 4 Samhain 2017. D'oscail- IN THE MAKING 2 agus 3 an 9 agus an 16 Samhain faoi seach.





### 4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe (ar Lean)

**Taispeántas FORETHOUGHT (Eanáir 2018)**

Chuir Mic léinn BEal. Onór in Ealaín a gcuid saothar i láthair i dtaispeántas dar teideal 'FORETHOUGHT' ag an nGailearaí Aontaithe, 3 Sráid Mhic Liam Uachtarach, Baile Átha Cliath 2. Rinne an tEalaíontóir Amhairc agus Iarchéimí IADT Jesse Jones an taispeántas a bhí ar siúl ón 18 go dtí an 29 Eanáir 2018 a oscailt.

**Cóisir ghairdín Lord and Lady WeeeLandia (Eanáir 2018)**

D'óstáil mic léinn ó Upcycling taispeántas ó IADT's BEal. (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin, agus BEal. (Onór) BEal. (Onóracha) i nDearadh 3D, Déanamh Samhaltán agus Ealaíon Dhigiteach i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún Laoghaire Rathdown. Bhí an taispeántas (dar teidealar 'Cóisir Ghairdín Lord agus Lady WeeeLandia') ar siúl in Amharclann Lexicon, Dún Laoghaire ón 23 go 27 Eanáir 2018.

**Comhoibriú Ceoldrámata IADT & RIAM (Eanáir 2018)**

Mar chuid den chomhoibriú ceoldrámata bliantúil idir IADT agus Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann, bhí 'La Finta Giardiniera' ó Mozart agus bhí sé ar siúl in Amharclann Samuel Beckett, TCD, ón 14 go dtí an 20 Eanáir 2018.

**Corn Sciath Robert Eustace (Márta 2018)**

Bhuaigh foireann peile IADT a bhí comhdhéanta de bhaill foirne agus mic léinn Corn Sciath Robert Eustace an 7 Márta 2018. Imríodh an cluiche deiridh mar chuid den tsraith náisiúnta i nGaillimh.

**Seóthaispeántas Pathways to Progress (Aibreán 2018)**

Bhuaigh Dominica Kowalska, Megan Walsh agus Megan Lunney [4ú bliain BGnó (Onór) san Fhiontraíocht agus Bainistíocht] an dara duais de €1,000 i Seóthaispeántas Pathways to Progress dá dtionscadal dar teideal 'Mind Your Media'. D'óstáil CITI Ireland agus Enactus Ireland an seóthaispeántas, ar clár forbartha fiontraíochta sóisialta don aos óg é a chuireann acmhainní ar fáil do mhic léinn chun daoine óga ó cheantair uirbeacha faoi mhíbhuntáiste ar fud na hÉireann a chumasú. Mhol an tionscadal 'Mind Your Media' go reáchtálfaí ceardlanna do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste chun iad a chur ar an eolas maidir le sábháilteacht ar líne.

**Ceolfhíseán na Coronas (Aibreán 2018)**

Ba í Louise Bagnall [4ú bliain BEal. (Onór) i Léiriúchán Scannán agus Teilifíse] a thionscain agus a stiúir an físeán ceoil beo ilcheamara do shingil The Coronas dar teideal 'Gut Feeling '. Ghlac 33 mac léinn san iomlán ó cheithre chúrsa NFS páirt i scannánú an fhíseáin thar thréimhse dhá lá.

**Comórtas Young Lions (Bealtaine 2018)**

Roghnaíodh Emily Blaney [BEal. (Onór) i gCumarsáid Amhairc 2016] mar ionadaí na hÉireann ag comórtas Young Lions in Cannes, an Fhrainc. Rinne sí a hiontráil chlóite nuálaíoch don charthanas Suas, eagraíocht neamhbhrabúis a sholáthraíonn meantóireacht litearthachta duine le duine do leanaí i scoileanna faoi mhíbhuntáiste in Éirinn .





### 4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe (ar Lean)

**Éachtaí Rugbaí (Bealtaine 2018)**
Rinne Jordan Lamour agus Josh van der Flier [beirt mhac léinn de chuid an Teastais (Cáilíocht Sainchuspóra) i Síceolaíocht Spóirt] ionadaíocht dá gcúige agus dá dtír ag Leibhéal Sinsearach Rugbaí, bhuaigh siad Craobh an Grand Slam le hÉirinn agus an Corn Eorpach agus an Pro 14 lena gcúige Laighean.

**Taispeántas Cúigréid Ealaíontóirí (Lúnasa 2018)**
Bhí saothar an chéimí IADT Zsolt Basti [BEal. (Onór) in Ealaíon 2018] mar chuid de taispeántas grúpa dar teideal 'Quintet of Artists' ag Cumann Aontaithe Na nEalaíon ón 2 go dtí an 20 Lúnasa.

### 4.6.4 Scoláireachtaí Seachtracha

**Scoláireacht Warner Brothers Ireland (Samhain 2017)**
Bronnadh Scoláireacht Warner Bros. Ireland Allyn Quigley (MEal. i Scríbhneoireacht Scáileáin). D'fhógair Josh Berger, Uachtarán & Stiúrthóir Bainistíochta, Warner Brothers UK, Éire agus an Spáinn an scoláireacht. Mar chuid den scoláireacht, gheobhaidh Allyn tacaíocht maoiniú agus socrúchán gearr íoctha ag Warner Brothers Ireland Dublin, chomh maith le rochtain ar léirithe scannán agus tacaíocht mheantóireachta ó Fheidhmeannaigh Warner Brothers sa tír.

### 4.7 Seirbhísí agus Éascaíochtaí do Mhic Léinn 2017/18

#### 4.7.1 Coiste Airgeadais Sheirbhísí do Mhic Léinn

An 5 Samhain 2012, d'fhaomh comhaltaí Choiste Seirbhísí na Mac Léinn athrú theideal an Choiste go dtí Coiste Airgeadais Sheirbhísí do Mhic Léinn (an SSFC), i gcomhthéacs Thuarascáil 2011 an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le Ranníocaíocht an Mhic Léinn, anuas ar bhunú Fhochoiste um Éispéireas Mic Léinn na Comhairle Acadúla.

Is é seo a leanas ról an Choiste Seirbhísí na Mac Léinn:

- Breithniú a dhéanamh ar mholtaí bliantúla a chuirtear faoi bhráid Fheidhmeannacht na hInstitiúide agus na moltaí sin a dhéanamh maidir le leithdháileadh cistí institiúide do sheirbhísí do mhic léinn;
- Breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar dháileadh cistiú institiúide a leithdháiltear ar sheirbhísí do mhic léinn;
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú lena scaipeadh ar phobal an champais;
- A chinntiú go bhfreastalaítear ar leasanna agus buarthaí mic léinn go cuí laistigh den phróiseas comhairliúcháin .

#### 4.7.2 An Fochoiste um Éispéireas Mic Léinn

An 15 Deireadh Fómhair 2012, d'fhaomh an Chomhairle Acadúil bunú an Fhochoiste um Eispéireas Mic Léinn chun breithniú a dhéanamh ar bheartais um fholláine mhic léinn a thacaíonn leis an mac léinn ina gcuid foghlama, a chumasaíonn breis forbartha a dhéanamh ar thimpeallacht thacúil champais, agus a shainaithníonn díriú sonrach le haghaidh idirghabhála. Ag a cruinniú an 12 Samhain 2012, d'fhaomh an Chomhairle Acadúil cónascadh Fhochoiste na Leabharlainne agus an Fhochoiste um Eispéireas Mic Léinn.

Is é aidhm an Choiste um Eispéireas Mic Léinn:

- Beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus moltaí a thabhairt orthu a bhaineann le folláine fhoriomlán mic léinn, agus tagairt don mhéid a leanas:
  - Ranníocaíocht an mhic léinn le pobal an champais
  - Tionscnaimh chun timpeallacht fhairsing ghairmiúil, a léiríonn meas agus chruthaitheach
  - Cairt Foghlaimeoirí
  - Ambasadóirí mac léinn, e.g. meantóir, scéimeanna cúnta etc.
  - Iompar mic léinn
  - Timpeallacht ghinearálta na hInstitiúide agus an tionchar a imríonn sí ar mhic léinn
  - Idirghníomhú/cumarsáid idir seirbhísí/ aonaid agus ranna acadúla sonracha
  - Tacú le mic léinn ag a bhfuil riachtanais ar leith
- Ionchur isteach i straitéis na hInstitiúide le haghaidh Tacaíochtaí Mic Léinn agus príomhtháscairí feidhmíochta a mholadh don chéanna;
- Caighdeáin chuí do sheirbhísí do mhic léinn a bhunú agus a athbhreithniú i gcomhoibriú leis an soláthraí seirbhíse faoi seach, e.g., Seirbhís Sláinte, Eastáit agus Saoráidí/Oifig TFC, agus Leabharlann;
- An tuarascáil bhliantúil a fháil agus breithniú a dhéanamh uirthi ón bhFoireann Seirbhísí do Mhic Léinn agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle Acadúil a eascraíonn ón gcéanna nuair is cuí;

- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh i dtéarmaí ginearálta, ar shain-cheisteanna a eascraíonn ó casaoidí/ghearáin agus ceisteanna smachta mic léinn a bhaineann le heispéireas na mac léinn ar an iomlán, agus an Chomhairle Acadúil a chur ar an eolas faoi mar is cuí;
- Tionscnaimh a bhunú nó a chur chun cinn a thacaíonn le timpeallacht a chruthú a fheabh-saíonn eispéireas Institiúide an mhic léinn.

### 4.7.3 Seirbhísí do Mhic Léinn

#### 4.7.3.1 An Oifig Rochtana

Tacaíonn an Oifig Rochtana le beartas na hInstitiúide maidir le comhionannas rochtana ar, agus rannphháirtíocht i réimse clár IADT. Le linn na bliana acadúla 2017/18, bhí an Oifig ag gabháil do thrí shnáithe oibre: Réamh-iontráil, Iar-iontráil agus Dearadh Uilíoch don Fhoireann.

**An Snáithe Réamh-iontrála**

**Scéim HEAR/DARE** – i rith na bliana acadúla 2017/18, tháinig iontrálaithe nua isteach le IADT tríd an Scéim HEAR/DARE a thugann bealach rochtana ainmnithe d'oideachas tríú leibhéal do mhic léinn neamhthraidisiúnta which provides a designated access route for non-traditional students to third level education.

**Mind Your Media@IADT** – tugann an clár seo cuireadh do dhaltaí idirbhliana ó scoileanna áitiúla freastal ar cheardlanna idirghníomhacha ar an gcampas maidir le conas a gcuid próifílí meáin shóisialta a bhainistiú agus iad ag dul isteach i saol na hoibre. Tá an tionscnamh seo á reáchtáil ag mic léinn IADT ar bhonn deonach agus tacaíonn an Roinn Fiontraíochta leis tríd an scéim fiontraíochta sóisialta ENACTUS. Le linn 2017/18, leathnaíodh an clár agus sholáthair foireann MYM 14 sheisiún sheachtreacha den chlár do 7 n-eagraíocht:

- PobasScoil I Chábán tSíle
- Mic léinn Foróige (Tamhlacht)
- Foróige - Ceannairí Óige ar fud Bhaile Átha Cliath
- Rannphháirtithe Foróige as Éirinn agus as Albain
- Coláiste Hewitt Corcaigh
- Comhphháirtíocht an Taobh Theas
- Coláiste Naomh Lorcán

**Clár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH)** – Is ciste iomaíoch é PATH, é bainistithe ag an ÚAO thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. I mí Lúnasa 2017, iarradh ar institiúidí ardoideachais tograí a chur isteach faoi dhá shruth maoinithe:

- PATH 2 - An Ciste Sparánachta 1916
- PATH 3 - An Ciste Rochtana Ardoideachais

D'éirigh le IADT maoiniú PATH 2 agus PATH 3 a fháil mar chuid de chnuasach comhoibríoch le COBÁC, TCD, Institiúid Oideachais Marino (MIE) agus CNED. Le linn 2017/18, cuireadh tús le roinnt tionscnamh :

- **PATH 2 - Sparánacht Cheannairí agus Fhoghlaimeoirí 1916 -** Mhaoinigh an dámhachtain seo ón ÚAO 40 Sparánacht ar fud an chnuasaigh chun tacú le rochtain mhéadaithe ar ardoideachas do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste. As an 40 Sparánacht, leithdháileadh 8 in aghaidh na 3 bliana ar an IADT. Tugann an ciste sparánacht €5,000 d'fhaighteoirí gach bliain acadúil chun tacú leo ina gcuid staidéar.

#### 4.7.3.1 An Oifig Rochtana (ar Lean)

Ar an 19 Aibreán 2018, rinne Mary Mitchell O'Connor TD, Aire Stáit um Ardoideachas, a sparántachtaí a bhronnadh ar an gcéad ochtar faighteoirí ó IADT, ag searmanas bronnta in Ard-Oifig an Phoist Baile Átha Cliath.

- **PATH 3 - Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach**
  I mí an Mheithimh 2018, reáchtáladh an chéad Scoil Samhraidh do na hEalaíona Cruthaitheacha, é maointhe faoi PATH 3. Scoil samhraidh cúig lá a bhí ann a thug deis do rannpháirtithe lá a chaitheamh i ngach ceann de na cúig choláiste (IADT, CNED, TCD, MIE agus COBÁC) . Ghlac 60 rannpháirtí, idir 16-70 bliain d'aois, páirt i dhá cheardlann ealaíon cruthaitheach gach lá, agus d'fhoghlaim siad faoi na cúrsaí ealaíon cruthaitheach atá ar fáil dóibh sna coláistí. D'fhoghlaim rannpháirtithe freisin faoi riachtanais phunainne, bealaí iontrála rochtana agus tacaíochtaí iar-iontrála atá ar fáil i ngach ceann de na 5 choláiste.

  I measc na dtionscadal eile atá á bhforbairt faoi PATH 3 tá:
  - Cruinniú Mullaigh na Meantóireachta
  - Foghlaim Oscailte (i gcomhar le UCD)
  - Cathair Foghlama Bhaile Átha Cliath

**Cuairteanna/Turais ar an gCampas** — bhí an tSeirbhís Rochtana ar fáil le linn 2017/18 chun turais ar an gcampas a sholáthar do dhaltaí meánscoile. I mí na Bealtaine 2018, thug grúpa de 10 mac léinn ó Scoil an Luchta Shiúil Naomh Ciaráin i mBré cuairt ar IADT agus ghlac siad páirt i gceardlann phriontála 3T, chomh maith le turas ar Thaispeántas na Leabharlainne agus na gCéimithe.

**An Snáithe Iar-iontrála**

**Ciste Cúnaimh na Mac Léinn** – i rith na bliana acadúla 2017/18, bhí an tSeirbhís Rochtana freagrach as íocaíochtaí spriocdhírithe a sheachadadh do mhic léinn a raibh riachtanas airgeadais acu faoin gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn. I mbabhta 1, íocadh €50,950 san iomlán le 165 mac léinn, agus íocadh €45,500 san iomlán le 189 mac léinn i mbabhta 2.

#### 4.7.3.2 An tSeirbhís Teicneolaíochta Cúnta

- Thacaigh an tSeirbhis Teicneolaíochta Cúnta le 195 mac léinn in 2017/2018, a bhain úsáid as réimse teicneolaíochtaí, ríomhairí glúine agus bogearraí tiomnaithe Teicneolaíochta Cúnta (TC) ina measc.
- Chláraigh 55 mac léinn nua leis an tSeirbhís Teicneolaíochta Cúnta, agus rinneadh measúnú riachtanas ar 50 díobh agus leithdháileadh teicneolaíocht chúnta orthu.
- Bhí míchumas foghlama ar leith ar nós Disléicse ag formhór na mac léinn a chláraíonn le Seirbhís Teicneolaíochta Cúnta IADT.
- Áirítear ar an bpríomh TC a úsáidtear i IADT: crua-earraí ar nós ríomhairí glúine, fóin chliste, táibléad fuaime Echo Pinn Chliste, deachtafón, méarchláir Bluetooth; agus bogearraí ar nós Read and Write Gold, Ginger and Grammarly, Notability agus Audio Note, Google Voice Typing, Dragon agus léitheoirí eBook.
- Soláthraíonn an tSeirbhís Teicneolaíochta Cúnta oiliúint duine le duine le gach TC a leithdháiltear.


beats

#### 4.7.3.3 An Lárionad Gairmeacha

Cuireann an Lárionad Gairmeacha faisnéis, tacaíocht agus treoir phraiticiúil ar fáil do mhic léinn agus d'iarchéimithe i bpleanáil agus taighde gairme, agus i bhforbairt réamhghníomhach a dhéanamh ar scileanna infhostaitheachta.

- I rith na bliana acadúla 2017/2018, cuireadh 149 coinne chomhairleach gairme duine ar dhuine, ar an iomlán, ar bun agus ba le mic léinn fochéime iad 126 díobh, ba chéimithe iad 7 díobh agus ba iarchéimithe iad 16 díobh.
- Leanadh le mic léinn/chéimithe a chur ar an eolas maidir le deiseanna fostaíochta i rith 2017/18 tríd an mBunachar Sonraí Iarchéime agus trí phróifíl Facebook an Lárionaid Gairme .
- Le linn an tSamhraidh in 2017, rinne an Lárionad Gairmeacha an Suirbhé Chéad Scríbe bliantúil ar rang iarchéime na bliana roimhe sin (2016). Fuarthas ráta freagartha 63%.
- Le linn 2017/18, chuir an tOifigeach Gairmeacha 32 ceardlann/seisiún faisnéise gairme i láthair do ghrúpaí ranga mar chuid de MyFuture IADT.
- Reáchtáladh dhá Fhóram Fostóra i rith na bliana: ceann amháin dírithe ar T.E. agus na Meáin Dhigiteacha agus 11 fostóir rannpháirteach; Bhí an dara ceann dírithe ar Fhiontraíocht agus ar na Daonnachtaí, agus bhí 4 fhostóir i láthair.
- I measc na nImeachtaí Gairme/Cur i láthair eile ar an gcampas bhí: Japan Exchange for Teaching (JET), Clár Washington-na hÉireann (WIP), Habitat for Humanity, USIT, Ceannairí Campais, Fulbright Commission, General Motors agus Seachtain Seiceála CV.
- I measc na nImeachtaí/Cuir i Láthair lasmuigh den champas bhí: Aonad Ghairmeacha Iarchéime Gradireland RDS (d'fhreastail 92 mac léinn/ céimí IADT); Gradchances I.T. (RDS); Gradireland Beo (lena n-áirítear teangacha/deiseanna iarchéime); agus Gradireland Summer Fair (RDS).

#### 4.7.3.4 An tSeirbhís Tacaíochta Míchumais

Soláthraíonn an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais (STM) tacaíocht mar chuid d'fhoireann ildisciplíneach sna réimsí seo a leanas:

- Measúnuithe Riachtanais agus iarratais ar Mhaoiniú an ÚAO.
- Soláthar tacaíochtaí a chomhordú, m.sh. Socruithe Scrúduithe - bhí socrú scrúdaithe de chineál éigin ag teastáil ó 166 mac léinn i rith thréimhse scrúdaithe an tsamhraidh 2018.
- Seisiúin Acadúla, Folláine agus Tacaíochta Sóisialta - cuireadh 12 rang acadúla agus folláine ar fáil do mhic léinn le linn 2017/18; ina theannta sin rinneadh 4 sheimineár foirne idir mí na Samhna agus mí na Nollag 2017, agus iad ag ple topaicí ar nós meabhairshláinte, Neamhord Comhordaithe Forbraíochta (DCD), Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde (ADHD) agus neamhord de chuid speictream an uathachais (ASD).
- Cúrsaí na Chéad Bhliana (FYM) - d'oibrigh an STM le Foirne Seirbhísí do Mic Léinn eile chun tionscnamh uile-Institiúide a chur ar fáil chun tacú le socrú isteach gach mic léinn nua sa chéad bhliain agus an socrú isteach sin a éascú.

#### 4.7.3.4 An tSeirbhís Tacaíochta Míchumais (ar Lean)

- Measúnú Sícoideachasúil le Síceolaí Oideachais - le linn 2017/18, rinne 18 mac léinn measúnuithe leis an STM a clúdaigh réimsí ar nós inniúlachtaí litearthachta scríofa agus béil, chomh maith le hanailís mhionsonraithe ar chumais peannaireachta.
- Próifíliú Láidreachtaí Foghlama agus Forbartha - próifílíodh 91 mac léinn sa chéad bhliain i ndisciplíní na hEalaíne, Scannánaíochta agus Teilifíse agus Cumarsáide Amhairc trí Uirlis Scagtha Do-IT Profiler. Ceapadh an uirlis ar líne seo chun léargas a thabhairt do dhaltaí ar na láidreachtaí agus na laigí maidir le conas a fhoghlaimíonn siad. I measc na réimsí laigí a díríodh orthu bhí: léitheoireacht, aird, sóisialta agus eagraíocht/bainistíocht ama.

Le linn 2017/18, chláraigh 231 mac léinn ar an iomlán leis an DSS arbh ionann é agus beagnach 10% de na mic léinn in IADT.  Bhí réimse fairsing míchumais/riochtaí ag na mic léinn mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Neamhord Easnamh Airde (ADHD) | 30 |
| Neamhord Speictream an Uathachais (ASD) | 18 |
| DCD/Diospraicse | 12 |
| Bodhar/Lagú Éisteachta | 4 |
| Riocht Meabhairshláinte | 32 |
| Néareolaíoch/Teanga agus Urlabhra | 8 |
| Míchumas Fisiciúil | 4 |
| Galar Suntasach Leanúnach | 16 |
| Deacracht Teanga agus Urlabhra | 97 |
| Deacrachtaí Teanga, Cumarsáideagus agus Urlabhra | 6 |
| Dall/Lagamhairc | 4 |

I rith na bliana acadúla 2017/18, reáchtáladh 345 seisiún tacaíochta duine le duine san DSS; bhain 159 den líon iomlán seo le mic léinn an HEA, agus ba mhic léinn neamh-HEA iad 186 díobh.

#### 4.7.3.5 An tSeirbhís Tacaíochta Foghlama

I mí an Meitheamh 2017, chríochnaigh Tacaíocht Scileanna Acadúla na Mac Léinn (SASS) a céad bhliain de chonradh dhá bhliain chun Seirbhís Tacaíochta Foghlama na hInstitiúide (STF) a chur ar fáil.

Áiríodh leis an soláthar seirbhíse mic léinn le hUathachas (AS) agus Dioscalcúile, chomh maith le mic léinn a bhfuil Neamhord Hipir- ghníomhaíochta an Easnaimh Airde, Neamhord Comhordaithe Forbartha, Diosgraife agus saincheisteanna foghlama néarai-éagsúla eile ag dul dóibh. Chuir an tSeirbhís foghlaim agus tacaíocht ghinearálta ar fáil do mhic léinn IADT trí sheimineáir oscailte agus ranganna teagaisc aonair/grúpaí beaga.

Cuimsigh an soláthar seirbhíse clár seimineár rochtana oscailte ar ábhair mar:

- Breacadh Nótaí
- Scríbhneoireacht Aistí
- Scileanna Scríbhneoireachta Acadúil
- Léitheoireacht & Taighde
- Bainistíocht Ama
- Scileanna Cur i Láthair
- Athbhreithniú & Straitéisí Scrúduithe
- Athbhreithniú Scríbhneoireachta & Litríochta

#### 4.7.3.5 An tSeirbhís Tacaíochta Foghlama

I mí na Nollag 2017, ghlac an STF páirt sa chlár teagaisc ar an Teastas i nDearadh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) d'fhoireann na hInstitiúide. I mí Feabhra 2018, ghlac an tSeirbhís páirt in imeacht Teagaisc & Foghlama ar fud na hInstitiúide, ag comhoibriú leFoireann Eispéiris na Mac Léinn ar dhá chur i láthair d'fhoireann IADT ar na tacaíochtaí a bhí ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

I rith 2015/16, chláraigh 190 mac léinn, ar an iomlán leis an STF:

| | |
|---|---|
| Neamhord Speictream an Uathachais | 24 |
| Disléicse/Dioscalcúile | 104 |
| DCD/Diosgraife | 13 |
| ADD/ADHD | 32 |
| Deacracht Urlabhra & Teanga | 6 |

Le linn na bliana acadúla 2017/18, thuig an LSS saintacaíocht do mhic léinn a bhfuil Deacracht Foghlama Sonrach (SpLD) agus neamhord de chuid speictream an uathachais (ASD) orthu. Phróiseáil an tSeirbhís cáipéisíocht agus chuir sí Measúnuithe Riachtanas i gcríoch don chohórt nua mac léinn, chomh maith le leanúint le soláthar tacaíochtaí oideachais saincheaptha do mhic léinn leantacha.

I measc na réimsí tacaíochta bhí: Scileanna Acadúla (pleanáil/eagarthóireacht tascanna, bainistíocht ama srl.) agus Scileanna Sóisialta agus Cumarsáide (obair foirne, ag déileáil le torann agus seachrán, saincheisteanna idirphearsanta, socrúcháin oibre srl.)

I measc na dtionscnamh nua le linn 2017/18 bhí:

- 'Discover IADT' - lá treoshuímh do mhic léinn atá cláraithe le DSS/LSS inar tugadh eolas ar champas, seirbhísí, tacaíochtaí agus socruithe IADT. D'fhreastail breis agus 30 mac léinn ar an ócáid.
- Seachtain Scríbhneoireachta do Mhic Léinn Lánfhásta '- sraith ceardlann agus seisiún foghlama ar na bunscileanna acadúla ag an tríú leibhéal, agus an scríbhneoireacht acadúil mar phríomhthéama. D'fhreastail breis is 30 mac léinn Lánfhásta ar na ceardlanna/seisiúin seo.

#### 4.7.3.6 Lárionad Sláinte na Mac Léinn

Tá Lárionad Sláinte na Mac Léinn ag oibriú le 20 bliain anuas, agus cuireann sé cúram leighis agus altranais ar fáil do mhic léinn chláraithe an IADT. Láimhseáiltear cásanna éigeandála amhail a thagann siad aníos, agus is gnách go mbíonn fáil ar choinní neamh-phráinneacha laistigh de lá nó trí lá.

Cuireadh 1,405 comhairliúchán altranais, ar an iomlán, ar fáil do mhic léinn le linn na bliana acadúla 2017/2018. Ina theannta sin, cuireadh 610 coinne dochtúra ar fáil do mhic léinn le linn na bliana acadúla.

I rith 2017/18, tháinig mic léinn i láthair le saincheisteanna éagsúla, m.s. breoiteacht leanúnach agus fhadtéarmach, géarbhreoiteacht, saincheisteanna meabhairshláinte agus réimse fairsing riocht míochaine orthu.

#### 4.7.3.7 Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn

I mí Eanáir 2018, fostaíodh Comhairleoir Seisiúnach chun cumhdach a sholáthar le linn uainíocht pearsanra i Seirbhís Chomhair-leoireachta na Mac Léinn.



#### 4.7.3.7 Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn (ar Lean)

Ofráladh 159 gcoinne san iomlán i rith na bliana acadúla 2017/18, agus níor fhreastal 52 mhac léinn ar a gcoinní. Cuireadh an líon ab airde coinní in áirithe i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2018.

Bhain na príomh-shaincheisteanna a chonacthas le linn coinní le: imní, dúlagar, deacrachtaí tráma agus déileála a bhain le cúlra tógála mhífheidhmiúil agus dinimicí teaghlaigh.

Le linn na bliana acadúla 2017/18, cothaíodh bunluachanna Sheirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn, lena n-áirítear: meas, clú, saol ar champas, éagsúlacht agus cuimsiú, agus freagracht shóisialta.

Deimhníodh cur chun cinn an dea-chleachtais agus caighdeán na seirbhíse i gcomhobair le mic léinn agus leis an bhfoireann chun straitéisí coisctheacha, idirghabhálacha agus tacaíocht meabhairshláinte a sholáthar. Ar na bearta cáilíochta seirbhíse ab fhearr a glacadh bhí: forbairt ghairmiúil leanúnach, maoirseacht chliniciúil rialta agus clárú le cumainn ghairmiúla.

#### 4.7.3.8 Aontas na Mac Léinn

I mí na Samhna 1998, bunaíodh Aontas na Mac Léinn ag an Institiúid chun ionad aíocht a dhéanamh ar leasanna na mac léinn agus iad ag déileáil le húdaráis na hInstitiúide, agus chun cur le saol sóisialta agus cultúrtha na mac léinn ar an gcampas.

Ba iad an triúr Oifigeach Sabóideach don bhliain 2016/17:

- Helen Moynihan (Uachtarán Aontas na Mac Léinn)
- Sorcha Carey (Leas-Uachtarán Oideachais)
- Andrew Martin (Leas-Uachtarán Leasa agus Comhionannais)

# 5 Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha






## 5.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

### 5.1.1 IADT Honary Fellow Awards

Ag an Searmanas Bronnta ar 9 Samhain 2017, fuair na daoine seo a leanas Dámhachtainí Comhalta Oinigh:

- Bobby Kerr (Fiontraí agus Fear Gnó) mar aitheantas ar an méid a rinne sé do ghnó na hÉireann agus as a thacaíocht láidir do chláir Fiontraíochta IADT.
- Consolata Boyle (Dearthóir Feistis a bhfuil duaiseanna buaite aici) as ucht a éachtaí sna hEalaíona in Éirinn agus thar lear.

## 5.2 Tionscadail

### 5.2.1 Togra Tempus (ALIGN)

In September 2017, David Quinn (Assistant Lecturer I mí Mheán Fómhair 2017, rinne David Quinn (Léachtóir Cúnta i mBeochan, IADT) cathaoirleacht ar phiaramheasúnú de chuid tionscadal Tempus ALIGN ar chlár MA i mBainistíocht Oideolaíochta in Ollscoil Stáit Mhoscó, agus eisíodh tuarascáil phiaramheasúnaithe ina dhiaidh.

In 2017, cuireadh deireadh le tionscadal Tempus ALIGN le dhá chomhdháil scaipthe. An chéad cheann, an 5 Deireadh Fómhair 2017, in Aireacht Oideachais agus Eolaíochta na hÚcráine Kyiv ina a raibh ionadaithe ó 35 ollscoil Úcráineach ann, mar aon le hAireacht Oideachais agus Eolaíochta na hÚcráine.

Ar an 9ú agus an 10ú Deireadh Fómhair 2017, reáchtáladh comhdháil deiridh thionscadal Tempus ALIGN i Yerevan, an Úcráin.

Rinne foirne tionscadail Tempus ALIGN sa Rúis, san Airméin agus san Úcráin Tuarascálacha agus Treoirlínte Náisiúnta um Ailíniú a fhoilsiú D'éirigh go maith leis an tionscadal Tempus ALIGN, agus feabhsaíodh clú IADT go suntasach san Úcráin, san Airméin agus sa Rúis. Trí thionscadail leanúnacha agus leantacha Erasmus, leanann IADT le caidrimh láidre a chothú le go leor ollscoileanna comhpháirtíochta ALIGN, go háirithe AMU in Poznan (An Pholainn), Ollscoil Bath Spa (RA), Ollscoil Stáit Sumy agus Ollscoil Náisiúnta Taras Shevchenko (Úcráin ), SAFFA (an Airméin) agus NARFU (an Rúis).

### 5.2.2 Dearbháin Nuálaíochta/Comhoibriú le Tionscal

D'fhorbair Fiontraíocht Éireann an tionscnamh Dearbhán Nuálaíochta chun naisc a chruthú idir soláthraithe eolais phoiblí na hÉireann (i.e. institiúidí ardoideachais, comhlachtaí taighde poiblí), agus gnólachtaí beaga. Tá Dearbháin Nuálaíochta ar luach €5K ar fáil chun cuidiú le cuideachta nó le cuideachtaí deis nó fadhb ghnó a fhiosrú le soláthraí cláraithe eolais.

Le linn na bliana acadúla 2016/17, bhí sé comhoibriú dearbhán nuálaíochta san iomlán ann le cuideachtaí:

- The Freebird Club
- ADVERTIS
- My Patient Space
- Pac Sane
- The Deluxe Group (Invest NI Voucher)
- MK Multimedia Social Enterprise Ltd. (t/a Reminisce Together)

### 5.2.3 Maoiniú Urraíochta do Thionscadail Foirne

Le linn na bliana acadúla 2017/18, eisíodh próiseas um Ghlaoch Maoinithe Urraíochta, trína dtugadh cúnamh do bhaill foirne a roghnaíodh a dtograí tionscadail chun tiomsú airgid agus urraíocht sheachtrach a lorg. Ní mór do gach tionscadal a bheith dírithe go seachtrach, deiseanna rannpháirtíochta gairmiúla suntasacha a chruthú don fhoireann agus cáil na hInstitiúide a fheabhsú ag leibhéal náisiúnta agus/nó domhanda. In 2017/18, roghnaíodh an tionscadal seo a leanas:

- Comhdháil “Photography as Contact Zones” na Fondúireachta Terra (an Dr Justin Carville)

### 5.2.4 Tionscadail Taighde/Forbartha Eorpacha

**RefugeesIN - Erasmus+**

Tá sé mar aidhm ag RefugeesIN foireann uirlisí oideolaíochta nuálaíoch scannán-bhunaithe a thairiscint do bhaill foirne gairmiúla atá ag obair le dídeanaithe agus le hiarrthóirí tearmainn. Baineann múinteoirí agus oiliúnóirí úsáid as scannánaíocht chun idirphlé idirchultúrtha a spreagadh, idirdhealú a chomhrac agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn. I measc comhpháirtithe RefugeesIN tá: Aidlearn, (príomh-chomhpháirtí) an Phortaingéil; IADT, Éire; Comhairle na Gréige do Dhídeanaithe, An Ghréig; Hamburger Volkshochschule, An Ghearmáin; Centra Studi Citta Di Foligno Association, An Iodáil agus Third Age University, an tSlóivéin. Tá IADT ag obair le rannpháirtithe ón Ionad Soláthair Dhírihh, Maigh Muirí agus Cultúr. Le linn na bliana acadúla 2017/18, lean foireann idirdhisciplíneach comhdhéanta de bhaill foirne agus mic léinn ón Dámh Scannán, Ealaíne agus Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha, Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí, agus an Stiúrthóireacht Cruthaitheachta, Nuálaíochta agus Taighde ag obair ar an tionscadal atá le críochnú an 30 Samhain 2018.

**TREND - Erasmus+**

Tá sé mar aidhm ag tionscadal AE+ TREND oideachas, scileanna agus oiliúint TFC fiontraíochta a chur ar fáil do dhídeanaithe agus d’iarrthóirí tearmainn a thagann go dtí an Eoraip trí ardán ar líne agus Aip gréasáin fón póca freagrúil. Is é an smaoineamh atá taobh thiar de ná cabhrú le dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn athrú ó chuardaitheoirí poist go dtí cruthaitheoirí poist. I measc na gcomhpháirtithe ar TREND tá: Foreningen Mikrofinans Norge, (príomhchomhpháirtí) an Iorua; An Acadamh Fiontraíochta (AKEP), an Ghréig; EPS Jemappes, an Bheilg; an Ghearmáin agus IADT. Le linn na bliana acadúla 2017/18, lean foireann idirdhisciplíneach comhdhéanta de bhaill foirne ón Roinn Síceolaíochta agus Teicneolaíochta, Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí agus an Stiúrthóireacht Cruthaitheachta, Nuálaíochta agus Taighde ag obair ar an tionscadal atá le críochnú i Meán Fómhair 2020 .

### 5.2.5 Tionscnaimh FÍS

**Tionscnamh Scannán FÍS**

Tionscnamh de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna is ea Tionscadal Scannán FÍS a bhainistíonn Oifig FÍS IADT i gcomhar leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (Teicneolaíocht san Oideachas PDST), atá bunaithe in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tionscadal rathúil scannán is ea FÍS a bhfuil ag éirí go han-mhaith leis i mbunscoileanna ar fud na hÉireann. Tugann an tionscnamh spreagadh do leanaí chun meán na scannán a fhiosrú sa seomra ranga bunscoile agus scileanna buntábhachtacha a fhorbairt i litearthacht íomhá gluaistí, cumarsáid, smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, obair foirne agus na hamharc-ealaíona.








### 5.2.5 Tionscnaimh FÍS (ar Lean)

**Dámhachtainí Scannán FÍS**

Rinne láithreoir RTÉ, Sinéad Kennedy, an searmanas Dámhachtainí Scannán FÍS an 16 Samhain 2017 a chur i láthair. Bhronn an t-aoi speisialta, an Dr Annie Doona, Cathaoirleach Bhord Scannán na hÉireann (Fís Éireann anois) agus Uachtarán IADT, dámhachtain Aileen MacKeogh as Sáréacht i Scannán na Bliana a bhfuil ardmheas air ar Scoil Náisiúnta Ard Fhearta Ciarraí as a scannán 'The Gooseberry Fair' .

Bhí mic léinn ón MA sa Chraoltóireacht agus mic léinn Léiriúcháin Teilifíse & Raidió ón Scoil Scannánaíochta Náisiúnta (NFS) ag IADT freagrach as craoladh beo agus scannánú an tsearmanais. Ina theannta sin, Bhí mic léinn ó BGnó (Onór) Fiontraíocht & Bainistíocht, BEal. (Onór) in Léiriú Scannán & Teilifíse agus BSc (Onór) i dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha a páirteach i mbainistíocht imeachtaí, sna meáin shóisialta, i gcriú scannánaithe shiúil agus i gcraoladh seachtrach agus in oibríochtaí.

I gcomhar le agus le caoinchead Líonra Náisiúnta Oideachais agus Taighde na hÉireann (HEAnet), rinneadh beoshruth ar an bhféile ón Amharclann Helix trí shuíomh gréasáin an tionscadail agus breathnaíodh uirthi ó os cionn 750 seoladh IP ar leith.

Mar chuid den duais iomlán as Dámhachtain Scannán na Bliana a bhuachan, thug daltaí ó Scoil Náisiúnta Ard Fhearta cuairt ar an NFS chun turas a fháil ar stiúideo teilifíse IADT a bhfuil an teicneolaíocht is úire ann agus fuair siad taithí phraiticiúil ar áiseanna, trealamh agus próisis an stiúideo.

**Comhthionscadail FÍS**


Le linn 2017/2018, chomhoibrigh foireann FÍS le comhpháirtithe éagsúla chun tionscadail oideachais scannán breise a sheachadadh ar nós:

- **An Tionscnamh um Mná Óga i dTionscal na Scannánaíochta agus na Teilifíse**

Mar chuid den straitéis náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an chomhionannais do mhná óga i dtionscal na scannánaíochta agus na teilifíse in Éirinn, d'óstáil Oifig FÍS i gcomhpháirt le Scoil Náisiúnta na Scannánaíochta IADT (NFS) sárthaispeántas 'Mná Óga i dTionscal na Scannánaíochta agus na Teilifíse' dírithe ar dhaltaí idirbhliana agus shraith shinsearach na meánscoileanna ón 15 go dtí an 17 Feabhra 2018. Ba é an Dr Annie Doona, Uachtarán IADT, agus Jean Rice, Léachtóir Sinsearach ag IADT a chuir an tionscnamh chun cinn. Rinne NFS, i gcomhpháirtíocht le Scannánóirí Óga na hÉireann (YIFM), an clár a raibh an-tóir air a sheachadadh agus é comhaoinithe ag Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin..

Ba iad na héascaitheoirí ná Cathy Brady, stiúrthóir a bhuaigh IFTA dhá uair, Mary Kate O'Flanagan, scríbhneoir scáileáin agus comhairleoir scéal, Cara Homes, stiúrthóir agus eagarthóir scannáin agus teilifíse a bhfuil duaiseanna buaite aici, agus Fiadhnait McCann (eagarthóir fuaime scannán agus teilifíse a bhfuil duaiseanna buaite aige). Rinne Deirdre OToole (léachtóir cineamatagrafaíochta a bhfuil duaiseanna buaite aici agus léachtóir NFS) agus Rebecca Roper (léachtóir agus stiúrthóir réitigh IADT le haghaidh drámaí scannáin agus teilifíse) an cheardlann a mhodhnú.





- **Gearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí sa Scannánaíocht**

Comhoibrigh Oifig FÍS le hInstitiúid Scannán na hÉireann (IFI) agus Fresh Film Festival chun cúrsa gairid i scannánaíocht a fhorbairt a ligeann do mhic léinn raon leathan scannán a iniúchadh, a scannán féin a dhéanamh agus an scannán sin a roinnt ag léiriú de chuid na féile. Tá an gearrchúrsa agus na hacmhainní teagaisc gaolmhara le fáil ar líne ar na láithreáin ghréasáin www.ifi.ie agus www.fisfilmpostprimary.ie. Comhlíonann struchtúr agus ábhar an chláir caighdeáin agus treoirlínte na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

- **An Tionscadal Scéalaíochta Digití Lionsaí Éagsúla Thuaidh-Theas**

Éascaíonn an tionscadal iar-bhunscoile comhoibriú foghlama gairmiúla agus comh-mhalartaí trasteorann idir Seirbhís Forbartha Gairmiúla na hÉireann do Mhúinteoirí agus Seirbhís Chomhairle agus Tacaíochta Thuaisceart Éireann. Tá an tionscadal maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, i gcomhar le hÚdarás Oideachais Thuaisceart Éireann. Mar sin féin, mar gheall Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann a bheith curtha ar fionraí i mí Eanáir 2017, níor tharla aon ghníomhaíochtaí comhoibríocha le linn na bliana acadúla 2017/18.

- **School in a Box**

Is sampla feidhmeach de rannpháirtíocht chomhoibrithe il-réigiúnach agus idir-ghníomhaireachta maidir le gníomhaíochtaí nuálaíocha um réiteach fadhbanna é an tionscadal 'School in a Box'. Athraíodh an bhéim i rith 2017/18 ó rannpháirtíocht theicniúil agus foghlaim, go rannpháirtíocht sa phobal agus a rannpháirtíocht san oideachas a chothabháil agus a bhuanú. Tiocfaidh deireadh le tionscadal School in a Box agus le rannpháirtíocht IADT le linn 2019.

## 5.3 Naisc Sheachtracha Forbartha

**Meabhrán Tuisceana le Coláiste Sheridan ( Meith. 2018)**

Shínigh IADT agus Coláiste Sheridan, Ceanada, Meabhrán Comhaontaithe chun forbairt chláir MA i mBeochan creidiúnaithe ag IADT a fhiosrú, an 5 Nollaig 2017. Éascaítear an chomhpháirtíocht faoi Chomhaontú Ontario agus tacaíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas léi.

**Malairtí Mac Léinn Erasmus+**

Le linn 2017/18, tháinig 16 mhac léinn Erasmus chun staidéar a dhéanamh in IADT ó thíortha lena n-áirítear an Fhrainc (5), Poblacht na Seice (3), an Fhionlainn (3), an Ghearmáin (2), an Iodáil (2), an tSlóvaic (1). I measc na réimsí staidéir bhí: Ealaín, Dearadh Cumarsáide Amhairc, Léiriúchán Scannán & Teilifíse, Grianghrafadóireacht, Ríomhaireacht Chruthaitheach, Fiontraíocht Fheidhmeach, Bainistíocht Ealaíon, agus Staidéir Bhéarla, Mheán agus Chultúrtha.

Le linn 2017/18, chuaigh 19 mac léinn IADT thar lear chun staidéar a dhéanamh mar seo a leanas: An Fhionlainn (6), an Fhrainc (6), an Spáinn (4), an Eastóin (1), an Bheilg (1), an Ríocht Aontaithe. (1) I measc na réimsí staidéir bhí: Ealaín, MA i gComhoibriú Ealaíne & Taighde, Dearadh Cumarsáide Amhairc, Léiriúchán Scannán & Teilifíse, Bainistíocht Ealaíon, Fiontraíocht & Bainistíocht, agus Staidéir Bhéarla, Mheán agus Chultúrtha.





## 5.3 Naisc Sheachtracha Forbartha (ar Lean)

Reáchtáladh na chéad chúrsaí oiliúna Erasmus (seacht) in 2017/2018 ó chláir staidéir ar nós: Ealaín, MA i gComhoibriú Ealaíne & Taighde, Beochan, Dearadh Cumarsáide Amhairc, Bainistíocht Ealaíon agus Teicneolaíochtaí Meán Cruthaitheach chuig na tíortha seo a leanas: An Phortaingéil (3), An Fhrainc (2) , An Ríocht Aontaithe (2).

**Malairtí Foirne Erasmus+**

Le linn 2017/18, tharla sé mhalartán foirne mar seo a leanas: An Eastóin (2), an Ungáir (1), an Pholainn (1), Poblacht na Seice (1) agus an Fhrainc (1).

**Soghluaisteacht idirnáisiúnta Creidiúintí Erasmus+**

Le linn 2017/18, lean IADT lena chomhpháirtíocht le George Brown College (GBC) i gCeanada agus in Ollscoil Chónaidhme An Artigh Thuaidh (NArFU) sa Rúis. Thaistil ceathrar ball foirne IADT go GBC chun léachtaí a thabhairt i réimsí Dearaidh agus Gnó/Fiontraíocht, agus thug ball foirne amháin ó GBC cuairt ar Roinn an Dearaidh & na hAmharcealaíon in IADT. Mar chuid den tionscadal le NArFU bhí thug cúigear ball foirne ón Ollscoil cuairte ar an Roinn Daonnachtaí agus Bainistíocht Ealaíon in IADT.

**MA i Straitéisí Dearaidh Idirdhisciplíneacha**

I Meán Fómhair 2017, bhí an chéad cheann den dá chohórt mac léinn ó Cheanada ar an gcampas chun tabhairt faoin MA i Straitéisí Dearaidh Idirdhisciplíneacha, clár iarchéime a forbraíodh i gcomhar le Coláiste George Brown, Ceanada. Mar chuid den chlár, reáchtáladh roinnt Charrettes ina raibh níos mó ná 20 ball foirne páirteach, chomh maith le breis is 250 mac léinn ó gach disciplín san Institiúid agus iad ag obair i ngrúpaí leis na mic léinn ó Cheanada.

## 5.4 Forbairt Fiontraíochta

### 5.4.1 Media Cube

Ó bunaíodh é i 2007, thacaigh na Meáin Cube le 80 cuideachta rathúil lenar cruthaíodh 756 post agus lenar bhailíodh cothromas € 25 milliún. Ar an 6 Nollaig 2017, reáchtáladh imeacht chun 10 mbliana de maidir le tacú le gnólachtaí nuathionscanta ardchumais sna hearnálacha teicneolaíochta, cruthaitheachta agus cultúir rath a cheiliúradh. Forbraíodh Media Cube le maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

Le linn 2017/18, d'éirigh go han-mhaith leis an gcuideachta Media Cube seo a leanas:

- Bhuaigh CheckVentory an Dámhachtain don gnólacht nuathionscanta is inscáilaithe ag searmanas Dámhachtainí Dot ie Net Visonary Cumann Idirlín na hÉireann, an 15 Meán Fómhair 2017.
- Bhuaigh Pierce Dargan agus Simon Hillary ó Equine Medirecord Dámhachtain Nuálaíochta i nGnó ag Dámhachtainí Ghnó Chontae DLR ar 28 Meán Fómhair 2017, agus comórtas #1 Draft Pick Start-up ag an gComhdháil One Zero an 17 Deireadh Fómhair 2017.
- Bhuaigh Fiona Uyema ó Fused an chatagóir "Anlann agus Tarsann is Fearr" ag Dámhachtainí Bia agus Dí na hÉireann (IQFD) i nDeireadh Fómhair 2017.
- Bhuaigh Erica Sheehan ó Homespun Foods an chatagóir Best Free From Cereal ag Dámhachtainí IQFD i nDeireadh Fómhair 2017.
- Bhuaigh ThinScale Technology an ceathrú háit i measc na 50 cuideachtaí teicneolaíochta is mó fáis in Éirinn ag searmanas Dámhachtainí Deloitte Technology Fast 50 i mí na Samhna 2017.


LEARNING PROCESSING



### 5.4.2 New Frontiers

Is clár comhpháirtíochta é an clár New Frontiers idir IADT agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT), leis an gceann deireanach ag gníomhú mar phríomh-chomhpháirtí.

Tá comhaontú comhoibríoch idir an dá Institiúid faoi Chonradh Fhiontraíocht Éireann NF/2016/0004, a chlúdaíonn an tréimhse maoinitheó 01/04/2016 go dtí 30/03/2021. Is ionann an maoiniú iomlán a leithdháiltear do sheachadadh an chláir seo augs €4.4M.

Tá an Clár New Frontiers dírithe ar chuideachtaí san earnáil ardteicneolaíochta a bhfuil cumas ardfháis ag baint leo. Tá fócas ar leith ag IADT ar na meáin dhigiteacha agus na hearnálacha teicneolaíochtaí cruthaitheacha. Seachadann an gorlann Media Cube atá bunaithe ar champas IADT an clár New Frontiers .

Glacann seasca gnólacht nuathionscanta san iomlán páirt i gCéim 1 den chlár New Frontiers gach bliain, agus bíonn tríocha acu sin lonnaithe sa Media Cube in IADT. Téann tríocha cuideachta rannpháirteacha ar aghaidh chuig Céim 2 den chlár a bhfuil tacaíocht airgeadais bhreise de €15K aige in aghaidh an rannpháirtí. Tá roinnt de na cuideachtaí rathúla New Frontiers anois ina gcliantchuideachtaí le Media Cube. Ina measc tá GladCloud, Smart PMO, the Convex Lens agus Drone Consultants Ireland a bhuaigh Comórtas Loingseoireachta Satailíte na hEorpa 2018, nó mar is fearr aithne air 'Space Oscars'.

Tá roinnt cuideachtaí New Frontiers a d'aistrigh ó na Media Cube suite anois i nDún Laoghaire agus i gContae Átha Cliath Theas. I measc na gcuideachtaí seo tá Your Smile Direct, CheckVentory, Cambrist, Yoghandha Oila, MummyCooks agus Tenacious Engagement. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gclár New Frontiers féach le do thoil www.newfrontiers.ie nó https://www.iadt.ie/research-enterprise/enterprise-innovation

## 5.5 Imeachtaí & Éachtaí

**Dámhachtain Business to Arts (Meán Fómh. 2017)**

Bhuaigh IADT, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Scannánóirí Óga na hÉireann an Dámhachtain Urraíochta Bige is Fearr ag Dámhachtainí Business to Arts Allianz 2017 an 4 Meán Fómhair2017, don tionscnamh Mná Óga ar Scannáin agus Theilifís.

**Tionscadal DISABUSE (Nollaig 2017)**

Ar an 4ú Nollaig 2017, RInne Mary Mitchell O'Connor TD, Aire Stáit um Ard-Oideachas, Tionscadal Taighde DISABUSE a sheoladh san Amharclann Helix, Baile Átha Cliath an 4ú Nollaig 2017. Is tionscadal dhá bhliain é seo agus tá sé mar chuid de Chlár Erasmus +, Príomh-ghníomhaíocht 2 'Comhoibriú le haghaidh nuálaíochta agus malartú dea-chleachtais'. Tá cúig pháirtí as ceithre thír Eorpacha páirteach ann: An tIonad Frithbhulaíochta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; Fondazione Mondo Digitale (an Iodáil); ICSTE, Instituto Universitario de Lisboa (an Phortaingéil); IUM, Ollscoil Murcia (an Spáinn) agus IADT. Bhí gach ball d'fhoireann tionscadail IEDT + Erasmus+ i láthair ag an seoladh. .

**Hour of Code (Nollaig 2017)**

Ghlac IADT páirt arís san imeacht bliantúil ríomhchláraithe is mó ar fud an domhain an Hour of Code le linn Sheachtain na Ríomheolaíochta, 4 - 10 Nollaig 2017. Thug an Roinn Teicneolaíochta & Síceolaíochta cuireadh do 150 mac léinn dara leibhéal páirt a ghlacadh i gceardlanna ríomhchláraithe ag IADT, lena n-áirítear mic léinn ón CBC Baile na Manach, An Clochar Doiminiceach Cill Mhantáin agus Coláiste na Toirbhearta Tír an Iúir.






**DELTA Award (Márta 2018)**

Fuair IADT Dámhachtain um Shármhaitheas Disiplíneach i bhfoghlaim, i dTeagasc agus i Measúnú (DELTA) as a aighneacht 'Critical Thinking and Creative Practice'. Bhí IADT ar cheann de na hinstitiúidí 11 a roghnaíodh as buíon bhunaidh de 48 aighneacht, agus an t-aon chlár ealaíon agus daonnachtaí a bhuaigh an dámhachtain mór le rá seo. Bhronn Mary Mitchell O'Connor TD, an tAire Stáit um Ard-Oideachas an Dámhachtain ar fhoireann IADT ag searmanas ceiliúrtha an 21 Márta 2018. Eagraíonn an Fóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama in Ardoideachas Dámhachtainí DELTA mar aitheantas ar thionscadail a léiríonn sárthiomantas do shaibhriú teagaisc agus foghlama ina ndisciplíní.

## 5.6 Margaíocht

Cuireann an fheidhm margaíochta straitéis mhargaíochta comhtháite i bhfeidhm a chuireann leithead agus doimhneacht na gcúrsaí chun cinn go gníomhach agus a leagann béim ar thaithí na mac léinn.

**Éachtaí le linn 2017/18:**

- Láithreán Gréasáin: ó 2016, tá méadú mór tagtha ar thrácht láithreán gréasáin na hInstitiúide ó 1,500 cuairt in aghaidh an lae go timpeall 5,000 cuairt laethúil. Ó seoladh an láithreán gréasáin, bhí breis 2.2M cuairt ar an láithreán.
- Na Meáin Shóisialta: in 2017, chuir an Oifig Mhargaíochta straitéis do na meáin shóisialta i bhfeidhm chun trácht agus rannpháirtíocht a stiúradh, agus mar thoradh air seo tá méadú 39% tagtha ar na rudaí seo a leanas:
  - Twitter 5,605
  - Facebook 7,018
  - Instagram 2,100
  - Linkedin 4,125
- Imeachtaí: Le linn 2017/18, d'eagraigh an fhoireann Margaíochta 32 imeacht inmheánach agus seachtrach, lena n-áirítear Higher Options ag an RDS, Laethanta Oscailte, Laethanta Blaiste, Laethanta Oscailte Springboard, Comhdháil IRDG, Imeachtaí Earcaíochta Searmanais Bhronnta agus Iarchéime.
- Laethanta Blaiste: D'fhreastail breis is 730 mac léinn Idirbhliana ar cheardlanna thar 16 chúrsa i rith lár téarma na scoileanna i nDeireadh Fómhair 2017 agus i mí Feabhra 2018. Mar thoradh ar a dtaithí, dúirt 81% de na daltaí a d'fhreastail go ndéanfaidís iarratas ar staidéar ag IADT. Bhí breis agus 40% de dhaltaí na Chéad Bhliana tar éis freastail ar Lá Blaiste.
- Taispeántas na nIarchéimithe: I rith na bliana acadúla 2017/18, d'fhorbair an Oifig Mhargaíochta féiniúlacht chorparáideach nua, "On Show", chun eispéireas iomlán na gcuairteoirí ar an gcampas a fheabhsú. I measc na nithe insolártha bhí: 'aimsiú slí 'ar an láthair, comharthaíocht, brandáil, comharthaíocht agus ábhair thacaíochta d'imeachtaí.

## 5.7 Tionscnaimh/Forbairtí Champais

**Foirgneamh Nua na Meán Digiteach (Samhain 2017)**

I mí na Samhna 2017, áiríodh Foirgneamh um Theagasc na Meán Digiteach IADT i measc aon tionscadal déag roghnaithe le haghaidh maoinithe mar chuid de Chlár Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) de luach €200 milliún don earnáil ardoideachais. Tacóidh an foirgneamh le fás cúrsaí sna tionscail dhigiteacha éiritheacha agus cruthóidh sé céimithe do thionscail éiritheacha an dearaidh agus na teicneolaíochta. Freastalóidh na spásanna teagaisc nua i bhFoirgneamh na Meán Digiteach ar 1,320 mac léinn breise Beochana, Dearaidh agus Taithí Úsáideora. Freastalófar freisin ar mhic léinn Ríomhaireachta, Fiontraíochta agus Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha.

**Limistéir Staidéir & Shóisialta an Fhoirgnimh Atrium a Chríochnú**

I rith na bliana acadúla 2017/18, i gcomhar le Detail Design Studio chríochnaigh IADT na hoibreacha athchóirithe sna limistéir staidéir agus shóisialta san Fhoirgneamh Atrium. I measc na n-uasghráduithe bhí: spásanna nua comhoibríocha, solúbtha d'obair ghrúpaí; limistéar ilchuspóireach deisce sealaíochta teicniúla a bhfuil cochaill aonair staidéir ann; agus athchóiriú iomlán na Leabharlainne. Bhuaigh an t-athchóiriú Bonn Cré-umha le haghaidh Dearadh Comhshaoil ó ICAD i mí an Mheithimh 2018.

**Scoil Náisiúnta na Scannánaíochta**

Le linn na bliana acadúla 2017/18, d'oibrigh Scoil Náisiúnta na Scannánaíochta le roinnt comhpháirtithe seachtracha maidir le tionscadail oideachais atá nasctha le cláir NFS. Tugadh deis do mhic léinn oibriú taobh le gairmithe tionscail. I mí Dheireadh Fómhair 2017, d'fháiltigh an NFS roimh na haisteoirí mór le rá, Breandán, Domhnall agus Briain Ó Gliasáin ar ócáid scannánaithe a chéad scannáin mar stiúrthóir 'Psychic'.

## 5.8 Tuarascáil Bainistíochta Fuinnimh


**Feachtas um Fheasacht ar Fhuinneamh**

I gcomhpháirtíocht le OPW Optimising Power at Work (feachtas caomhnaithe fuinnimh foirne ar fud an stáit), Shuiteáil IADT, fo-mhéadrú ar fud an champais chun tuiscint níos fearr a fháil ar phatrúin úsáide i bhfoirgnimh na hInstitiúide agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

**Feachtas Inbhuanaitheachta**

Le linn na bliana acadúla 2017/18, thug IADT isteach Cupáin Choimeádta agus stáisiúin níocháin cupáin athinúsáidte. Rinneadh cinneadh na cupáin seo a dhíol ar ráta fóirdheontais do bhaill foirne agus do mhic léinn. I gcomhar leis seo, d'aontaigh IADT leis an soláthraí seirbhíse lónadóireachta lascaine a thabhairt ar chostas tae/caife dóibh siúd a bhfuil a gcupán féin acu. I rith na bliana acadúla 2017/18, chuir soláthraí seirbhíse lónadóireachta na hInstitiúide tús le roghanna eile plandabhunaithe in ionad sceanra agus coimeádáin bia phlaisteacha.

| Úsáid Fuinnimh kWh | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gás | 2146399 | 2266009 | 2090151 | 1949765 | 1720395 | 2202143 | 1921221 | 1600379 | 1996718 | 1632136 |
| Leictreacheas | 1939692 | 1905654 | 1800975 | 1736304 | 1721298 | 1885562 | 1812206 | 1788057 | 1763645 | 1683328 |




### 5.8 Tuarascáil Bainistíochta Fuinnimh (ar Lean)

**Ídiú Fuinnimh**

Le linn na bliana acadúla 2017/18, tháinig feabhas 16.2% ar ídiú fuinnimh mar a thomhaistear é in uaireanta cileavata i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus feabhas 15.2% ar ár mbliain bhonnlíne 2009. Mar sin féin, tá feabhas 26.6% de dhíth ar IADT chun sprioc 2020 a bhaint amach. Beimid ag díriú go príomha ar rialtáin soilsithe agus coire a uasghrádú chun leanúint le sábháil fuinnimh a bhaint amach.

### 5.9 Bainistíocht Sábháilteachta

**An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta**

Feidhmíonn an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta mar choiste comhairleach do na Foirne Feidhmiúcháin agus Bainistíochta, de réir fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, maidir le gach gné de shábháilteacht, de shláinte agus de leas maidir leis an bhfoireann, mic léinn, cuairteoirí agus conraitheoirí.

**Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta**

I rith na bliana acadúla 2017/18, d'fhreastail baill foirne ábhartha ar na cúrsaí sábháilteachta seo a leanas:

- Oiliúint um Shábháilteacht Cheimiceán
- Safetalk Feasacht ar Fhéinmharú
- Oiliúint Bheartais um Chosaint Leanaí
- Oiliúint um Shábháilteacht Dhóiteán
- Oiliúint do Mhaor Dóiteáin
- Oiliúint um Shláinte Mheabhrach
- Seimineár Diospraicse
- Seimineár ADHD
- Seimineár ar Neamhord Speictream an Uathachais
- Oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte
- Oiliúint ar Fhearas Iniompartha a Thástáil

**Druileanna Dóiteáin & Gníomhachtuithe an Alaraim Dhóiteáin**

An 8 Samhain 2017, cuireadh druileanna dóiteáin ar bun i dtrí fhoirgneamh campais. Seo a leanas na hamanna aslonnaithe do gach foirgneamh (is é 2 nóiméad an spriocam aslonnaithe):

| | |
|---|---|
| - Foirgneamh an Atrium | 3 nóim. 43 soic. |
| - Foirgneamh Backlot | 1 nóim. 1 soic. |
| - Foirgneamh Carriglea | 1 nóim. 39 soic. |
| - Scoil Náisiúnta Scannánaíochta | 2 nóim. 33 soic, |
| - Foirgneamh Quadrangle | 5 nóim. 20 soic. |

Le linn na bliana acadúla 2017/18, tharla dhá ghníomhú den aláram dóiteáin san iomlán, nár theastaigh briogáid dóiteáin ó cheachtar eachtra.

**Tuairisciú Reachtúil Timpistí & Teagmhas**

Ar an 22 Meán Fómhair 2017, d'fhreastail an bhriogáid dóiteáin ar eachtra inar éirigh cuid den phainéal seachtrach de chumhdra an Media Cube scortha. Ní raibh aon duine gortaithe le linn na heachtra seo.

Le linn na bliana acadúla 2017/18, tharla naoi dtimpiste ar champas IADT. Déileáladh leis na timpistí uile ar an láthair, seachas timpiste amháin ina raibh freastail ar T&E ag teastáil, ach nár theastaigh tuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.


CLOUD
AVATAR
WATER HORSE
AVATAR
SCIENCE OF
AVATAR

# 6 Pearsanra

## 6.1 Líon Foirne

Tá na figiúirí thíos bunaithe ar ríomhanna Cóibhéis Lánaimseartha:

| Catagóir Foirne | 2017/18 |
|---|---|
| - Acadúil | 118 |
| - Bainistíocht, Riarachán agus Leabharlann | 48 |
| - Seirbhísí do Mhic Léinn | 6 |
| - Taighde | 6 |
| - Tacaíocht Theicniúil | 15 |
| - Tacaíocht Neamhtheicniúil | 12 |
| **Iomlán** | **206** |

In 2009, chuir an Rialtas na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimhir 2) i bhfeidhm ina ndéantar foráil le haghaidh uasteorainn rialaithe fostaíochta don IADT. Don bhliain 2017/18, b'ionann an t-uaslíon agus 191.6 Coibhéis Lánaimseartha le haghaidh IADT maidir le poist croíchistithe.

## 6.2 Comhionnas agus Éagsúlacht

### 6.2.1 Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht/Athena SWAN Ireland

In 2017/18 bunaíodh Foireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN agus ba é an Dr Andrew Power, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht a bhí mar chathaoirleach air. Bunaíodh Cairt Athena SWAN sa bhliain 2005 chun tiomantas maidir le gairmeacha na mban i bhfostaíocht san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht, sa mhatamaitic agus sa leigheas in ardoideachas agus taighde a spreagadh agus a aithint. Tugadh freagracht d'Fhoireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN maidir le measúnú na hInstitiúide, agus le hullmhú iarratas na hInstitiúide le Advance HE chun teastasú Cré-umha faoin gclár Athena SWAN a bhaint amach.

I rith na bliana acadúla 2017/18, ceapadh Dr Power freisin mar Chathaoirleach ar Choiste Náisiúnta Athena SWAN agus ar an gCoiste eagraithe den 10ú Comhdháil Eorpach um Chomhionannas Inscne san Ardoideachas, a reáchtáladh i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ón 20 go dtí an 22 Lúnasa, 2018. Chuir Dr Power agus an tUachtarán, an Dr Annie Doona, páipéir i láthair ag an gComhdháil Eorpach um Chomhionannas Inscne san Ardoideachas.

Le linn 2017/18, lean IADT ina rannpháirtí gníomhach i gclár Aurora, agus le linn na tréimhse seo chríochnaigh beirt bhall foirne eile an clár. Is clár oiliúna nuálaíoch um fhorbairt cheannaireachta é Aurora. Tá sé mar aidhm aige mná i róil acadúla agus gairmiúla a spreagadh chun smaoineamh orthu féin mar cheannairí, chun scileanna ceannaireachta a fhorbairt, agus chun cabhrú le hinstitiúidí ar nós IADT an cumas ceannaireachta atá ag ár gcomhghleacaithe baineanna a bharrfheabhsú.

### 6.2.2 Staitisticí Inscne amhail an 31 Lúnasa 2018

Tá an tsaincheist maidir le comhionannas inscne ríthábhachtach do IADT. Aithníonn an Institiúid go bhfuil tearcionadaíocht ag mná ar fud na hearnála ardoideachais agus go mbíonn orthu cur suas le réimse saincheisteanna áirithe, lena n-áirítear claonadh comhfhiosach agus neamh-chomhfhiosach, gnéasachas, freagrachtaí breise mar chúramóirí agus iompar míchuí. Dúirt IADT go poiblí go bhfuil sé tiomanta do champas éagsúil, do dheiseanna a chur chun cinn do gach duine agus d'idirghabháil spriocdhírithe maidir le comhionannas inscne go sonrach.

Féachann IADT le timpeallacht oibre a chur chun cinn atá saor ó idirdhealú ar fhorais stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil. Tá foireann tiomanta, dea-cháilithe agus dinimiciúil ag IADT a thuigeann agus a scaipeann fís agus misean na hInstitiúide. Tá ár bhfoireann riachtanach chun fís agus misean an IADT a bhaint amach. Cinnfidh a n- idirghníomhaíochtaí dearfacha agus gairmiúla maidir le comhionannas inscne le raon páirtithe leasmhara, go hinmheánach agus go seachtrach, rath leanúnach agus forbairt na hInstitiúide.


Tá baill foirne IADT riachtanach chun fís agus misean na hInstitiúide a bhaint amach. Cinnfidh a n-idirghníomhaíochtaí agus caidreamh dearfach agus gairmiúil maidir le comhionannas inscne le raon páirtithe leasmhara, go hinmheánach agus go seachtrach, rath agus forbairt leanúnach na hInstitiúide. Tá IADT ag cur ceist an chomhionannais inscne chun cinn go gníomhach ó thaobh foirne agus ó thaobh tacú le himeachtaí mac léinn, i.e. ócáid bhliantúil Young Women in Film. Tá dul chun cinn maith déanta maidir le líon na foirne i bpoist níos airde ar fud na hInstitiúide. Taispeántar ar chlé an miondealú inscne den Institiúid ar an gcéad leathanach eile:

### 6.2.2 Staitisticí Inscne ar 31 Lúnasa 2018




**Comhlacht Rialaithe**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Mná | 59% | Fir | 41% |
| Mná | 10 | Fir | 7 |




**Gach Ball Foirne**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Mná | 52% | Fir | 48% |
| Mná | 109 | Fir | 101 |




**Foireann Feidhmiúcháin**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Mná | 50% | Fir | 50% |
| Mná | 3 | Fir | 3 |



**Baill Foirne Acadúla (WTE)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Mná | 47% | Fir | 53% |
| Mná | 60 | Fir | 68 |



**Foireann Bainistíochta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Mná | 50% | Fir | 50% |
| Mná | 10 | Fir | 10 |



**Baill Foirne Gairmiúla, Bainistíochta agus Tacaíochta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Mná | 60% | Fir | 40% |
| Mná | 49 | Fir | 33 |

## 6.3 Éachtaí Foirne

### 6.3.1 Baill Foirne Neamhdhámh

**An Dr Annie Doona**

- Ball de thoscaireacht THEA a d'fhreastail ar Chruinniú Mullaigh Ardoideachais Choláistí Ontario in Toronto an 27 Samhain 2017.

- Cuireadh faighte ó Equality Challenge Unit UK chun a bheith ina comhalta painéil Athena SWAN ar cheithre mheasúnú institiúide i Londain i Márta 2018.

**An Dr Andrew Power**

- D'fhoilsigh 'Cyberpsychology and Society', Londain: Taylor and Francis Psychology Press (2018)

- Chuir sé na páipéir seo a leanas i láthair:
  - 'Evolution of e-commerce in the fashion industry: f-commerce', le M. MacDonnell ag Comhdháil Bhliantúil Acadamh Bainistíochta na hÉireann, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (30 Lúnasa go 1 Meán Fómhair 2017)
  - 'Understanding leadership in higher education as a tool of change' ag an 10ú Comhdháil Bhliantúil Eorpach ar Inscne agus Ardoideachas, TCD (Lúnasa 2018)
  - 'Weaponising Research Funding in the Battle for Gender Equality' leis an Dr A. Doona, ag an 10ú Comhdháil Bhliantúil Eorpach ar Inscne agus Ardoideachas, TCD (Lúnasa 2018).

- Toghadh é mar Chathaoirleach é ar Choiste Stiúrtha Náisiúnta Athena SWAN.

- Toghadh é mar Leas-Chathaoirleach é ar Choiste Staidéir Eitice, Polaitíochta, Dlí agus Fealsúnachta Acadamh Ríoga na hÉireann.

- Rinneadh comhalta ar Innealtóirí Éireann de.

- Bhí sé mar bhall den phainéal moltóireachta do Dhámhachtainí Idirnáisiúnta na bhFochéimithe sa chatagóir, Stair agus Teoiric na hEalaíne.

- Bhí sé mar bhall den Choiste Eagraithe Náisiúnta den 10ú Comhdháil Eorpach um Chomhionannas Inscne in Ardoideachas, TCD (Lúnasa 2018).

- Bhí sé mar bhall den choiste eagraithe na comhdhála 'Representation, Gender and Politics Past and Present' a reáchtáladh i mí Feabhra 2018 in Acadamh Ríoga na hÉireann, chun 100 bliain d'Acht Ionadaíochta an Phobail 1918 a chomóradh.

- Rinne sé cuir i láthair ag ócáidí agus ag comhdhálacha éagsúla lena n-áirítear: The Dublin Tech Summit, Girls in Tech, Comhdháil Future Island, Mná i dTeicneolaíocht, an Clár Forbartha Ceannaireachta Ban i TCD atá maoinithe ag EGE/Marie Curie.

### 6.3.2 Dámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha - Baill Foirne

**An Dr Irene Connolly**

- Bhí sí ina comhpháirtí le Tionscadal Erasmus+ DISABUSE le DCU, Ollscoil Murcia (an Spáinn), ISCTE-IUL (an Phortaingéil) agus FMD An Róimh (an Iodáil) i nDeireadh Fómhair 2017.


NIKE
1972

**An Dr Irene Connolly (ar Lean)**

- 'Let's Be Safe' delivered at the Disabuse: Tracking Disablist Bullying Conference san Helix, DCU an 4 Nollaig 2017.
- 'Usability Testing of Let's Be Safe' ag an Seimineár Idirnáisiúnta DISABUSE in ISCTE-IUL Liospóin, an Phortaingéil an 8 Márta 2018.

**An Dr Maeve Connolly**

- 'Logistical Relations: Migration, Mobility and Repurposed Infrastructure' ag Comhdháil Dhébhliantúil Screen City in Stavanger, an Iorua an 13 Deireadh Fómhair 2017.
- Eagraí agus rannpháirtí le 'Space, Place and Change: Reflections on Allan Kaprow and Otobong Nkanga's Baggage 1972/2007', comhrá le Melissa Rachleff Burtt, Stiúideo 6, Gailearaí agus Stiúideonna Bharr an Teampaill an 7 Nollaig 2017.
- Thug sí léacht phoiblí dar teideal 'Expanded Documentary and Embodied Infrastructure in Artists' Film' ag The Void, Doire an 24 Feabhra 2018.
- Cathaoirleach agus comheagraí 'The Expanded Field: A Conversation in Art and Research' le Aurora Tang (Lárionad Léiriúcháin um Úsáid Talún), Michele Horrigan (Ealaíon Chomhaimseartha Eas Géitine) agus Paul McAree (Ealaíon Chaisleán an Leasa Mhóir) san LAB, Baile Átha Cliath an 25 Aibreán 2018.
- Cathaoirleach 'The Visibility Matrix', cainteanna le Victoria Brooks agus Nikos Papastergiadis i nGailearaí Dhubhghlas de hÍde an 12 Meitheamh 2018.

**An Dr Mark Curran**

- 'MUSEUM OF CAPITALISM' (taispeántas grúpa) ag Oakland, California, SAM ó Mheitheamh go Meán Fómhair 2017.
- 'THE MARKET' (taispeántas duine aonair) ag Le Bleu du Ciel, Center de Photographie Contemporaine, Lyon, an Fhrainc ó Mheán Fómhair go Samhain.
- 'Spectacle & Scaffold: Contemporary Photography & Mapping Networks' (taispeántas grúpa) ag Ionad Turchin do na hAmharcealaíona, North Carolina, SAM ó Dheireadh Fómhair 2017 go dtí Eanáir 2018.
- 'We Only Want the Earth: An Exhibition of Contemporary Irish Artists' (taispeántas grúpa) in Adobe, San Francisco, SAM ó Feabhra go Aibreán 2018.
- 'THE MARKET' (taispeántas grúpa) ag Krakow Photomonth 2018, Krakow, an Pholainn ó Bhealtaine go Meitheamh 2018.
- Bronnadh Dámhachtain Sparánachta Rialtas na hÉireann/Cultúr Éireann air.

**An Dr Olivia Hurley**

- 'Bullying Resilience for the Uncertainty of Life: Lessons from Elite Athletes' ag Comhdháil Bhliantúil an PSI i Luimneach an 10 Samhain 2017.
- 'Sports Cyberpsychology – a New Arena' ag Mionchomhdháil SSIMAC PSI ag PSIHQ Baile Átha Cliath an 18 Samhain 2017.

**An Dr Olivia Hurley (ar Lean)**

- 'Managing your Mental Health – Building Resilience: Lessons from Elite Athletes' ag RCSI Baile Átha Cliath an 20 Feabhra 2018.
- Príomh-aitheasc ar Chibearsíceolaíocht Spóirt ag Comhdháil CRUW 2018 in Ollscoil Wolverhampton UK an 21 Meitheamh 2018.
- Agallamh ar an raidió agus ar roinnt foilseachán nuachtáin/ar líne idir Deireadh Fómhair 2017 agus Aibreán 2018.
- D'fhoilsigh sé leabhar ar ar Chibear-síceolaíocht Spóirt i mí an Mheithimh 2018.

**Mark Joyce**

- 'The Trouble with Colour' curtha i láthair ag Comhdháil Teagaisc Phéintéireachta ag Gailearaí Whitworth, Manchain RA i mí Bealtaine 2018.
- Bhí ina Ealaíontóir Cónaitheach do Chomhairle Ealaíon na hÉireann, Institiúid Oideachais Marino agus TCD (2018).

**Emma Mathias**

- 'Food Security and Mental Health: A Qualitative Exploration of Mediating Factors in Rural and Urban Ghana' ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Staidéar Forbartha na hÉireann, Baile Átha Cliath an 23 Samhain 2017.
- 'Exploring the Phenomenology of Mental Illness in Sub-Saharan Africa: A Case Study of Ghana' ag Coinbhinsiún an American Psychological Association (APA) i Lárionad Moscone, San Francisco, SAM an 9 Lúnasa 2018.
- 'Food Security and Mental Health: A Qualitative Exploration of Mediating Factors in Rural and Urban Ghana' ag Coinbhinsiún APA in Ionad Moscone, San Francisco, SAM an 11 Lúnasa 2018.
- Bhuaigh an tríú duais do phóstaer taighde ag Coinbhinsiún Bliantúil APA in Ionad Moscone, San Francisco, SAM an 11 Lúnasa 2018.

**Marian McDonnell**

- Fuair maoiniú Erasmus+ €85,000 do thionscadal DISABUSE i nDeireadh Fómhair 2017.
- 'Let's Be Safe for Online Safety' ag Seoladh Thionscadal Taighde Stop DISABUSE an AE ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an 4 Nollaig 2017.
- 'Designing for Users with Cognitive Impairments' ag an Seimineár Idirnáisiúnta Stop DISABUSE in ISCTE-IUL Liospóin, an Phortaingéil an 3 Márta 2018.

**Matt Skinner**

- 'Circus Born', léiríodh gnéchlár faisnéise ar Fossetts Circus ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann an 29 Iúil 2018.

Le linn na bliana acadúla 2017/18, bhí foilseacháin ag roinnt ball foirne i Dámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha, lena n-áirítear:

An Dr Irene Connolly

An Dr Maeve Connolly

An Dr Mark Curran

An Dr Olivia Hurley

### 6.3.3 Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí - Baill Foirne

**An Dr Josephine Browne**

- Ball Bhord Eagrúcháin an Dublin Business Review i Meán Fómhair 2017.
- Ball coisate DLR Age Alliance i Meán Fómhair 2017.
- Ball de Bhord agus Cathaoirleach an Choiste Bheartas Ealaíne ag Gailearaí Crawford.
- 'Entrepreneurship and the Cultural and Creative Industries: inextricably intertwined or distant cousins?' ag Comhdháil ISBE i mBéal Feirste ón 8 go dtí an 9 Samhain 2017.
- Cuireadh faighte ó Equality Challenge Unit UK a bheith ina comhalta painéil Athena SWAN ar cheithre mheasúnú institiúide i Londain i Márta 2018.

**An Dr Jenny McDonnell**

- 'I.S. Complex and Carriglea: Exploring a Spatial Palimpsest'ag an imeacht Transient Topographies: Space and Interface in Digital Literature and Art ag OÉ Gaillimh ón 20 go dtí an 21 Aibreán 2018.
- 'Empty Houses in the Work of Katherine Mansfield and Walter de la Mare' ag imeacht Katherine Mansfield: New Directions in Birbeck, Ollscoil Londain ón 28 go dtí an 29 Meitheamh 2018.

**An Dr Therese Moylan**

- 'Historical Female Entrepreneurship – the case of Ireland 1922-1971' ag Comhdháil ISBE i mBéal Feirste, Tuaisceart Éireann ón 7ú go dtí an 8 Samhain 2017.
- 'Dusty Files, Golden Nuggets – utilising the Business Archives in the search for the history of female entrepreneurship in Ireland 1922-1972' ag Comhdháil Bhliantúil Chumann na Staraithe Gnó i Milton Keyes, an Ríocht Aontaithe an 26 Meitheamh 2018.

**Eva Perez**

- 'Is Social Media Adoption to be Encouraged? An Academic Perspective' ag an gComhdháil Social Net(work)s in Education and Language Sciences in Ollscoil Heidelberg, an Ghearmáin an 14 Meitheamh 2018.
- 'A Systematic Review of the Application of Social Media as an Educational Tool within Higher Education: an academics' adoption challenges perspective' ag EduLearn 18, an 10ú Comhdháil Idirnáisiúnta Bhliantúil ar Oideachas agus Teicneolaíochtaí Foghlama Nua sa Spáinn an 8 Iúil 2018.

**Jeff Taylor**

- 'Achieving inclusive education. Has the Bologna Process helped?' ag Comhdháil Idirnáisiúnta ar Oideolaíocht Idirchaidrimh i gColáiste Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath an 15 Nollaig 2017.

Le linn na bliana acadúla 2017/18, bhí foilseacháin ag roinnt ball foirne i nDámh na Fiontraíochta agus sna Daonnachtaí, lena n-áirítear :

An Dr Jenny McDonnell

An Dr Díóg O'Connell

Eva Perez



# 7 Ráiteas Airgeadais

## 7.1 Ráiteas Airgeadais

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais iniúchta a ullmhú de réir FRS102 agus a fhaomhadh gan coinníoll an 1 Samhain 2018. Leagtar amach thíos leagan giorraithe de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2018.

## 7.2 Leagan Giorraithe de Ráitis Airgeadais 2017/18

### Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018

| | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Deontas Stáit | 8,286 | 8,718 |
| Táille Teagaisc | 8,885 | 8,414 |
| Amúchadh an Dheontas Chaipitil Iarchurtha | 1,813 | 1,697 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 466 | 711 |
| Ioncam aitheanta um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn | 267 | 272 |
| Ioncam ó Ús | 19 | 21 |
| Cistiú Pinsin Iarchurtha | 4,868 | 4,222 |
| Ioncam Eile | 1,235 | 1,006 |
| | 25,839 | 25,061 |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Foirne | 14,768 | 13,474 |
| Costas Sochar Scoir | 4,868 | 4,222 |
| Costais Oibriúcháin Eile | 5,048 | 4,300 |
| Dímheas | 1,813 | 1,697 |
| | 26,497 | 23,693 |
| **Barrachas Oibriúcháin** | (658) | 1,368 |
| Caillteanas Taithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir | (1,190) | 0 |
| Laghdú ar Dhliteanais Phinsin a d'eascair as Scoir i rith na Bliana | 626 | 0 |
| Athruithe ar Thoimhdeanna atá mar bhonn agus taca le Luach Reatha Dualgais Sochair Scoir | (337) | 1,353 |
| **Gnóthachain Achtúireacha sa bhliain** | (901) | 1,353 |
| **Coigeartú ar Mhaoiniú um Shocair Scoir Iarchurtha** | 901 | (1,353) |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán** | (658) | 1,368 |

Áirítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach na gnóthachain agus na caillteanais go léir a thuairiscítear don bhliain.

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe:

David Holohan
Cathaoirleach

An Dr Annie Doona
Uachtarán

Dáta: 31 Deireadh Fómhair 2019

## Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2018

| | Cuntas Caipitil €000 | Cúlchiste Forbartha Caipitil €000 | Cúlchiste Ioncaim €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **An 1 Mean Fomhair 2016** | 41,077 | 1,626 | 5,628 | 48,331 |
| Barrachas Oibriúcháin | 0 | 0 | 1,368 | 1,368 |
| Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach | 6 | 0 | 0 | 6 |
| Leithdháilte ón Deontas do Mhionoibreacha | 367 | 0 | 0 | 367 |
| Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail | 18 | 0 | 0 | 18 |
| Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní | (1,697) | 0 | 0 | (1,697) |
| Easnamh Oibriúcháin | 0 | (1,626) | 1,626 | 0 |
| **Gluaiseacht don bhliain** | (1,306) | (1,626) | 2,994 | 62 |
| **An 31 Lúnasa 2017** | 39,771 | 0 | 8,622 | 48,393 |
| Easnamh Oibriúcháin | 0 | 0 | (658) | (658) |
| Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach | 671 | 0 | 0 | 671 |
| Leithdháilte ón Deontas do Mhionoibreacha | 571 | 0 | 0 | 571 |
| Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail | 18 | 0 | 0 | 18 |
| Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní | (1,813) | 0 | 0 | (1,813) |
| Aistriú idir Chúlchistí | 0 | 4,000 | (4,000) | 0 |
| **Gluaiseacht don bhliain** | (571) | 4,000 | (4,658) | (1,229) |
| **An 31 Lúnasa 2018** | 39,200 | 4,000 | 3,964 | 47,164 |

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe:

David Holohan
Cathaoirleach

An Dr Annie Doona
Uachtarán

Dáta: 31 Deireadh Fómhair 2019

## An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Lúnasa, 2018

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 39,200 | 39,771 |
| | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Infháltais | 515 | 426 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | 9,074 | 9,791 |
| | 9,589 | 10,217 |
| | | |
| **Iníochta** | | |
| Amounts falling due within one year | (1,625) | (1,595) |
| | | |
| **Glansócmhainní Reatha** | 7,964 | 8,622 |
| | | |
| **Sochair Scoir** | | |
| Chomaoin um Shocair Scoir | (72,548) | (66,115) |
| Sócmhainn Maoinithe um Shochair Scoir Iarchu | 72,548 | 66,115 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | 47,164 | 48,393 |
| | | |
| **Arrna Léiriú ag:** | | |
| Cuntas Caipitil | 39,200 | 39,771 |
| Cúlchiste Forbartha Caipitiúla | 4,000 | 0 |
| Cúlchiste Ioncaim | 3,964 | 8,622 |
| | 47,164 | 48,393 |

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe:

David Holohan
Cathaoirleach

An Dr Annie Doona
Uachtarán

Dáta: 31 Deireadh Fómhair 2019

## An Ráiteas ar Shreafaí Airgid thirim amhail an 31 Lúnasa 2018

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Glansreabhadh Airgid thirim Óghníomhaíicgtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas Oibriúcháin | (658) | 1,368 |
| Ioncam Úis | (19) | (21) |
| Dímheas | 1,813 | 1,697 |
| Amúchadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha | (1,813) | (1,697) |
| Laghdú ar Fhéichiúnaithe | (86) | 706 |
| Méadú ar Chreidiúnaithe | 30 | (123) |
| **Glansbreabhadh Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | (733) | 1,930 |
| **Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Airgeadais** | | |
| Ús Faighte | 16 | 18 |
| **Sreafaí Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a shealbhú | (1,242) | (391) |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistithe** | | |
| Deontais Atréimhseacha Stát a chaitear ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh | 671 | 6 |
| Deontas Mionoibreacha Stáit a chaitear ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh | 571 | 367 |
| Cistí Eile caite a chaitear ar Mhaoin, Gléasra agus Trealamh | 0 | 18 |
| **Glan-insreabhadb Airgid Ó Mhaoiniú** | 1,242 | 391 |
| **Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | (717) | 1,948 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Meán Fómhair** | 9,791 | 7,843 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Lúnasa** | 9,074 | 9,791 |

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe:

David Holohan
Cathaoirleach

An Dr Annie Doona
Uachtarán

Dáta: 31 Deireadh Fómhair 2019